Gairmscoil na bPiarsach

Samhain 2015

1ú bliain Meán Fhómhair 2015

Lá na nGeansaithe Peile i mí Meán Fhómhair

Focal ón bPríomhoide

Fáilte do chéad eagrán na bliana seo de Nuachtlitir Ghairmscoil na bPiarsach agus an bliain scoile seo faoi lán seoil ag an tráth seo. Seo í an bhliain is stairiúla ó osclaíodh an scoil i 1934 mar go mbeidh muid ag comóradh Éirí amach na Cásca i 2016 agus an ceangal atá againn le Padraic agus Liam Mac Piaras. Ós a chionn sin, osclaíodh trí cinn de na cheithre seomraí nua dár scoilphobal ar an dara lá de Deireadh Fómhair. Is seomraí nua-aimseartha iad seo a chuireas ar ár gcumas oideachas de ardchaighdéan a chur ar fáil dár scoláirí. Criochnófar an chuid eile den obair roimh briseadh na Samhna. Tá muid sa nGairmscoil fíorbhuíoch do mhuintir na h-áite a chuir agus a chuireann a muinín in obair na scoile. Ar deireadh den chéad uair i stair na scoile, beidh ceol mar rogha ábhar do scoláirí blaiin 1 agus 2 don Teastas Shóisearach.

Ag teacht as an muinín agus an dea-obair atá a dhéanamh sa scoil, fuair an Ghairmscoil tuairisc uile scoile an-mhaith ó chigirí na Roinne Oideachais a leiríonn an ceangal láidir idir scoláirí, a muintir agus múinteoirí chomh maith leis an teagasc den scoth a fhaigheann na scoláirí.

Déanaimid comghairdeachas le scoláirí an Teastas Shóisearaigh agus le scoláirí na hArdteiste as ucht na torthaí an-mhaith ina gcuid scruduithe. Guímid chuile rath ar scoláirí atá tar éis an scoil a fhagáil i mbliana. Bhí sé speisiúil na cúrsaí agus coláistí a roghnadar. Bhí eagsúlacht mór iontu le scoláirí ag roghnú Coláiste na Trionóide, Ollscoil Luimnigh, Ollscoil na Gaillimhe, Institúidí triú leibhéal agus cúrsaí printíseach. Leiríonn sé dhomsa má tá fonn oibre ort go n-éireoidh leat i nGairmscoil na bPiarsach.

Cuirfimid fáilte freisin roimh scoláirí an chéad bhliain. Tá súil againn go mbeidh blianta taitneamhach acu linn. Fáilte freisin roimh **Mháire Ní Mhurchú**, an oifigeach teagmhalaí baile nua chomh maith lena múinteoirí **ATO Colm Ó Neasa, Aoife Ní Bhroinn agus Cáitín Ní Fhátharta**. Guimíd chuile rath ar **Mháirín Uí Dhroighneáin** a d'eirigh as a post i mbliana. Ba iontach an crann taca a bhí i Máirín dhomsa sa scoil agus aireoidh muid uainn go mór í

Peadar Ó Loideáin (Príomhoide)

Catherine Ní Chlocharta ó Chomhairle na Scoláirí ag bronnadh bláthanna ar Mháirín Uí Dhroighneáin.

Maidin Caife don Oispís

Buíochas le chuile dhuine idir scoláirí, múinteoirí (go h-áirithe an múinteoir Tíos, **Marianne Ní Thuama**) agus pobal na h-áite a thug tacaíocht don Mhaidin Caife ar mhaithe le **Oispís na Gaillimhe**. Bailíodh **€620** ar fad.

(Bridie Uí Chonámha)

Buaiteoirí Lá Ga-Ga

Evelyn Ní Ghriallais.

Ríona de Búrca,

Niamh Ní Chléirigh.

Shauna Ní Mhéalóid.

Caoimhín Ó Suilleabháin



Seomraí ranga nua

Ranganna Ceoil

Buaiteoir €500 pota óir ag an oíche Bingo - **JaneUí Mhainnín le Niamh Ní Bhriain & Nóra de Búrca** ón Ard Teist.



Bád uisce déanta ag Liam Ó Lochnáin (1ú bliain) mar thionscnaimh sa rang miotaileoireacht i mbliain 1.

4ú agus 5ú bliain ag Aonach Gairme san RDS leis an múinteoir Gairmthreoir Patricia Uí Fhlaithearta.

3ú bliain ag cuairt ag MADRA i

gCamus mar chuid den chúrsa OSSP.

Imeachtaí eile:

Chaith scoláirí an chéad agus dara bliain lá ag an **Ionad Eachtraíochta i gCeapach na gCapall** i mí Meán Fhómhair. In éineacht leo ar an lá céanna bhí an rang **Bitheolaíochta 4ú bliain** ag déanamh obair allamuigh mar chuid den chúrsa Ard Teist.

Tugadh an **ceathrú bliain** isteach chuig pictiúrlann na Gaillimhe mar luach saothair ar na dea-thorthaí a fuaireadar sa Teastas Shoiséarach.

Gairmscoil na bPiarsach, Ros Muc,
091-574100
Ríomhphost:
piarsach@gretb.ie

www.gairmscoilnabpiarsach.com

Eagarthóir: Bridie Uí Chonámha

Debs - Ard Teist 2015